

Beartas Trédhearcachta Ghrúpa an BEI



An Banc Eorpach
Infheistíochta

Banc an AE

Beartas Trédhearcachta Ghrúpa an BEI



An Banc Eorpach
Infheistíochta

Banc an AE 

EIB Group Transparency Policy

© An Banc Eorpach Infheistíochta, 2022.

Gach ceart ar cosaint.

Ba cheart gach ceist a bhaineann le cearta agus ceadúnú a chur chuig publications@eib.org

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le gníomhaíochtaí an BEI, téigh chuig ár láithreán gréasáin, www.eib.org.

Mar mhalairt air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár ndeasc eolais, info@eib.org.

Arna fhoilsiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

An Banc Eorpach Infheistíochta
98 -100, boulevard Konrad Adenauer
L-2950 Lucsamburg
+352 4379-1
info@eib.org
www.eib.org
twitter.com/eib
facebook.com/europeaninvestmentbank
youtube.com/eibtheubank

Clár na nÁbhar

1. Cúlra agus cuspóir	2
2. Treoirphrionsabail.....	3
Oscailteacht	3
Muinín a áirithiú agus faisnéis íogair a chosaint.....	3
Toilteanas éisteacht agus dul i mbun rannpháirtíochta	3
3. Creat institiúideach	4
4. Foilsiú faisnéise	5
Prionsabail maidir le foilsiú faisnéise	5
Faisnéis maidir le Tionscadail.....	6
Faisnéis Airgeadais	7
5. Nochtadh faisnéise.....	9
Prionsabail Nochta	9
Eisceachtaí	9
Nósanna Imeachta maidir le hlarrataí ar Fhaisnéis a Láimhseáil.....	11
6. Forálacha maidir le gearáin agus achomhairc	13
Sásra Gearán	13
An tOmbudsman Eorpach.....	13
An Coiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus	13
Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.....	13
7. Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus comhairliúchán poiblí.....	14
Prionsabail maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.....	14
Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i dtionscadail	14
Comhairliúchán poiblí	15
8. Trédhearcacht a chur chun cinn	16
An Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TCFD)	16
An Tionscnamh um Thrédhearcacht na dTionscal Eastóscach	16
An Tionscnamh um Thrédhearcacht sa Chúnamh Idirnáisiúnta	17
9. Freagrachtaí	18

1. Cúlra agus cuspóir

- 1.1 Aithníonn banc an Aontais Eorpaigh (AE) an fhreagracht speisialta atá air a bheith oscailte agus trédhearcach i leith shaoránaigh an Aontais agus an phobail i gcoitinne. Cuireann trédhearcacht le cáilíocht agus inbhuanaitheacht na dtionscadal a gcuirimid maoiniú ar fáil dóibh, chomh maith le muinín a chothú i mbanc an AE ag an am céanna. Chuige sin, ghlac Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) an Beartas Trédhearcachta seo, ina leagtar amach cur chuige Ghrúpa an BEI i leith trédhearcachta agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, agus atá i gcomhréir le ceanglais trédhearcachta an Aontais agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.
- 1.2 Is éard atá i nGrúpa an BEI ná an BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (an CEI). Baineann Treoirphrionsabail an Bheartais seo, a leagtar síos i gCaibidil 2, le Grúpa an BEI ina iomláine, agus ní bhaineann na codanna ina dhiaidh sin ach leis an BEI amháin. Tá a chreat cur chun feidhme féin ag an CEI, ina ndéantar comhthéacs sonracha gnó agus rialachais an Chiste Eorpaigh Infheistíochta a mheas.¹
- 1.3 Agus an Beartas seo á chur i bhfeidhm, cuireann Grúpa an BEI beartais agus rialacha eile Ghrúpa an BEI san áireamh, amhail an Beartas Frithchalaíochta, an Beartas Sceithireachta, Beartas an tSásra Gearán, agus Cóid Iompair ábhartha is infheidhme maidir le baill foirne agus comhlachtaí rialaithe. Ní ghabhann an Beartas seo treis ar na beartais ná na rialacha sin ach caithfear é a léamh in éineacht leo mar go dtreisiúnn siad go léir lena chéile. I gcás go mbeidh rialacha sonracha trédhearcachta agus nochta i mbeartais eile de chuid Ghrúpa an BEI ag teacht trasna ar an mBeartas Trédhearcachta seo, is ag an mBeartas Trédhearcachta a bheidh an tosaíocht.
- 1.4 D'fhaomh Bord Stiúrthóirí an BEI an Beartas an 17 Samhain 2021, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialacha Nóis Imeachta an BEI agus tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí. Tá fáil ar an mBeartas i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar láithreán gréasáin an BEI. Beidh feidhm aige amhail ón dáta thuasluaite gan dochar do phróisis a thagann faoi raon feidhme an Bheartais seo a bheidh ar siúl ar dháta a ghlactha.

¹ Dá bhrí sin, déanann an CEI doiciméad beartais ar leith agus rialacha sonracha a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis/dhoiciméid an CEI. Dá réir sin, is é an CEI a dhéanann iarrataí ar fhaisnéis/dhoiciméid a bhaineann le gníomhaíochtaí an CEI a phróiseáil de réir an bheartais sin.

2. Treoirphrionsabail

OSCAILTEACHT

- 2.1 Tá an oscailteacht agus an leibhéal trédhearcachta is airde is féidir mar threoir ag an mBeartas seo. Cuirfear faisnéis maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus institiúideacha Ghrúpa an BEI ar fáil do thríú páirtithe (an pobal) ach amháin más rud é go bhfuil sí faoi réir eisceacht shainithe (“toimhde an nochtadh”, féach cuid 5 den Bheartas seo agus an chuid de Bheartas Trédhearcachta an CEI a bhaineann le nochtadh), bunaithe ar phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne agus i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.
- 2.2 Measann ball-institiúidí Ghrúpa an BEI, toisc gur institiúidí airgeadais agus poiblí iad ag an am céanna, dá thrédhearcaí a bhíonn siad faoin gcaoi a ndéanann siad cinntí, a n-oibríonn siad agus a gcuireann siad beartais an Aontais Eorpaigh chun feidhme is ea is láidre a bheidh a gcreidiúnacht agus a gcuntasacht don phobal. Cuireann trédhearcacht le héifeachtúlacht, éifeachtacht agus inbhuanaitheacht oibríochtaí Ghrúpa an BEI chomh maith, rud a threisíonn leis an gcur chuige neamhfhulaingthe atá glactha aige i leith calaoise agus éillitheachta, a áirithítear go gcloítear leis na caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta a bhaineann le tionscadail mhaoinithe, agus a chuireann cuntasacht agus dea-rialachas chun cinn.
- 2.3 Is é an tuiscint atá ag Grúpa an BEI ar an trédhearcacht ná timpeallacht ina gcuirtear cuspóirí beartais, a chreat dlíthiúil, institiúideach agus eacnamaíoch, cinntí beartais agus an réasúnaíocht ba bhun leo, agus téarmaí chuntasacht a bhall- institiúidí ar fáil don phobal ar bhealach cuimsitheach, inrochtana agus tráthúil. Dá bhrí sin, is bunriachtanas í an trédhearcacht le haghaidh malartú oscailte gan bhac le páirtithe leasmhara trína bhfuil na rialacha agus na cúiseanna is bun le beartais agus cleachtais cothrom agus soiléir do na páirtithe uile.
- 2.4 Ina theannta sin, nuair a chuirtear faisnéis ar fáil do chinnteoirí eacnamaíocha, cuirtear le cobhsaíocht agus éifeachtúlacht na margaí agus cuirtear cloí le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta chun cinn.

MUINÍN A ÁIRITHIÚ AGUS FAISNÉIS ÍOGAIR A CHOSAINT

- 2.5 Mar institiúidí airgeadais, ní mór do bhaill Ghrúpa an BEI muinín agus iontaoibh a gcliant, a gcómhaoinitheoirí, a n-infheisteoirí agus tríú páirtithe ábhartha eile a choinneáil. Is gá, dá bhrí sin, aon údair imní maidir leis an gcaoi a gcaitear le faisnéis rúnda a mhaolú, ar údair imní iad a d'fhéadfadh, murach sin, difear a dhéanamh do thoilteanas na gcomhpháirtithe sin le hoibriú leis an nGrúpa agus, ar an gcaoi sin, bac a chur ar bhaill an Ghrúpa a misin agus a gculpóirí faoi seach a chomhlíonadh. Áirithítear leis an mBeartas seo go gcosnaítear faisnéis ar a nochtadh i gcás go mbainfeadh a leithéid de nochtadh an bonn de chearta agus leasanna dlisteanacha tríú páirtithe, agus/nó an Ghrúpa i gcomhréir leis na heisceachtaí a shainítear sa Bheartas.

TOILTEANAS ÉISTEACHT AGUS DUL I MBUN RANNPHÁIRTÍOCHTA

- 2.6 Caitheann Grúpa an BEI dúthracht le páirtithe leasmhara a spreagadh go gníomhach chun ionchur a bheith acu ina bheartais agus ina chleachtais. Trína thiomantas don chumarsáid oscailte, léiríonn an Grúpa go bhfuil sé toilteanach éisteacht le tríú páirtithe sa chaoi go mbainfidh sé tairbhe as an méid a chuireann siad lena chuid oibre agus a mhisean á chomhlíonadh aige.
- 2.7 Cuireann Grúpa an BEI fáilte roimh idirphlé agus comhar dearfach leis na páirtithe leasmhara go léir bunaithe ar mhúinín agus sochair fhrithpháirteacha.
- 2.8 Gabhann Grúpa an BEI air féin cearta an duine a urramú ina chuid gníomhaíochtaí uile. Faoi chuimsiú chreat an Bheartais seo, ní ghlacann Grúpa an BEI le frithbheart, i bhfoirm ar bith, i gcoinne daoine aonair ná eagraíochtaí a fheidhmíonn a gcearta faoin mBeartas seo.

3. Creat institiúideach

- 3.1 Comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh is ea an BEI. Banc atá bunaithe ar bheartais is ea an BEI agus is é an misean atá aige ná maoiniú fadtéarmach a chur ar fáil i gcomhair a infheistithe go stuama d'fhonn cuspóirí an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn. Is i Reacht an BEI, atá ina chuid dhílis den Chonradh ar an Aontas Eorpach (an CAE) agus den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an CFAE) agus a bhfuil an luach dlíthiúil céanna aige leo, a shainmhínítear a ról, raon feidhme a chuid gníomhaíochtaí agus a struchtúr rialachais. Bunaítear leis an Reacht freisin Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar scairshealbhóirí an BEI, agus is iadsan a ainmníonn na Comhaltaí chun príomhchomhlachtaí rialaithe an BEI: an Bord Gobharnóirí, an Bord Stiúrthóirí, an Coiste Bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta.
- 3.2 Cinntíonn an BEI go n-urramaíonn a chuid gníomhaíochtaí beartais agus dlíthe an Aontais Eorpaigh nó, i gcás nach infheidhme iad sin, go n-úsáideann siad beartais agus dlíthe an Aontais Eorpaigh mar an tagairt is fearr. Ina chuid oibríochtaí laethúla, tugann an BEI aird ar na caighdeáin agus ar na cleachtais a chuireann an pobal baincúireachta agus airgeadais i bhfeidhm, go háirithe i réimsí nach gcumhdaítear go díreach le dlí an Aontais Eorpaigh.
- 3.3 Is príomhbheartas de chuid an Aontais Eorpaigh é feabhas a chur ar thrédhearcacht na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí dá chuid d'fhonn iad a thabhairt chomh gar do na daoine a bhfreastalaíonn siad orthu agus is féidir, chomh maith le béim a leagan ar a ábharáí atá siad maidir le rannchuidiú le comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe an Aontais Eorpaigh agus maidir le cuspóirí comhair sheachtraigh an Aontais a chur chun cinn.
- 3.4 Tá an Beartas seo ag teacht le hoibleagáidí dlíthiúla an BEI maidir le prionsabal na hoscailteachta agus an ceart chun rochtain phoiblí ar fhaisnéis/dhoiciméid. Leagtar amach in ailt 3.5-3.7, ar bhealach neamhtheicniúil, tuiscint an BEI ar an ngaol idir an Beartas agus na hoibleagáidí dlíthiúla atá air.
- 3.5 Tá prionsabal na hoscailteachta cumhdaithe in Airteagal 1 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (an CAE), áit a luaitear gurb é atá sa Chonradh ná céim nua sa síorphróiseas ionsar aontas buandlúite a chur ar bun idir pobail na hEorpa, ina nglactar cinntí ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar do na saoránaigh agus is féidir. Déanann an oscailteacht a cion féin freisin le treisiú le prionsabail an daonlathais agus an mheasa ar chearta bunúsacha, i gcomhréir le hAirteagal 6 den CAE. Ceanglaítear le hAirteagal 15(1) den CFAE ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, an BEI ina measc, a gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach atá chomh hoscailte agus is féidir d'fhonn an dea-rialachas a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a áirithiú.
- 3.6 Déantar foráil in Airteagal 15(3) den CFAE do cheart na rochtana poiblí ar dhoiciméid. Is ceart bunúsach é sin, a aithnítear le hAirteagal 42 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Is iad Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh a chinneann prionsabail ghinearálta agus teorainneacha ginearálta trí reachtaíocht lena rialaítear an ceart sin. Is é Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.²
- 3.7 Luaitear sa CFAE nach mbeidh feidhm ag Airteagal 15(3) ar an BEI ach amháin nuair a bheidh a chúraimí riaracháin á bhfeidhmiú aige. Is é tuiscint an BEI gurb é atá i gceist leis an bhforáil seo ná gur cheart don BEI féin a chinneadh, ar bhealach atá ag teacht le prionsabail na hoscailteachta, an dea-rialachais agus na rannpháirtíochta, cén chaoi ba cheart feidhm a bheith ag na prionsabail ghinearálta agus ag na teorainneacha ginearálta lena rialaítear an ceart rochtana poiblí i ndáil leis na feidhmeanna sonracha atá aige mar bhanc. Déanann an BEI an méid sin tríd an mBeartas agus go sonrach trí na heisceachtaí maidir le rochtain a leagtar amach i gCuid 5 thíos a chur i bhfeidhm.

² Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, lch. 43.

4. Foilsiú faisnéise

PRIONSABAIL MAIDIR LE FOILSIÚ FAISNÉISE

4.1 Le tacú le prionsabal na trédhearcachta agus le hé a chur chun cinn, tá rún daingean ag an BEI faisnéis chruinn a fhoilsiú go rialta tráthúil maidir lena ról, a bheartais agus a oibríochtaí.

Foilsíonn an BEI raon leathan faisnéise/doiciméad go rialta, lena n-áirítear:

- Faisnéis institiúideach
- Beartais agus straitéisí
- Faisnéis a bhaineann le tionscadail
- Faisnéis soláthair agus fógraí tairisceana ar chuntas an BEI féin
- Cuntasacht, bainistíocht riosca agus faisnéis a bhaineann le rialachas
- Tuairiscí meastóireachta
- Faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an inbhuanaitheacht agus leis an aeráid.

Foilsíonn an BEI clár oibre agus miontuairiscí chruinnithe an Bhoird Stiúrthóirí go háirithe a luaithe is féidir tar éis a dtugtha chun críche.

Ina theannta sin, foilsíonn an BEI féilirí chruinnithe rialta an Bhoird Stiúrthóirí, an Choiste Bainistíochta agus an Choiste Iniúchóireachta, a luaithe is féidir tar éis a dtugtha chun críche.

Foilsítear liosta neamh-uileghabhálach ina mbíonn nasc chuig doiciméid agus faisnéis thábhachtach de chuid an BEI ar láithreán gréasáin an BEI. Déantar an liosta a nuashonrú agus a fhorbairt go rialta.

4.2 Is é láithreán gréasáin an BEI (www.eib.org) an phríomhuirlis a úsáidtear leis an bhfaisnéis sin a scaipeadh. Féachann an BEI le faisnéis a scaipeadh ar an bpobal ar bhealaí eile chomh maith, amhail cóipeanna crua d'fhoilseacháin agus de dhoiciméid fhaisnéiseacha, na meáin shóisialta, preaseisiúintí, comhdhálacha agus seimineáir.

4.3 I gcomhréir le Rialachán Aarhus, cuirtear an fhaisnéis chomhshaoil atá i seilbh an BEI ar fáil trí Chlár Poiblí Doiciméad an BEI, atá curtha ar bun ag an BEI ar a láithreán gréasáin.³

Is é a bhíonn sa Chlár Poiblí go háirithe ná na príomhdhoiciméid chomhshaoil agus shóisialta a bhaineann le tionscadail atá i seilbh an BEI agus, ar an gcaoi sin, coinnítear an pobal ar an eolas faoi ghnéithe comhshaoil agus sóisialta na dtionscadal aonair ag na céimeanna breithmheasa agus críochnaithe, de réir mar is infheidhme.

Ina theannta sin, áirítear sa Chlár Poiblí príomhdhoiciméid, príomhthuarascálacha agus príomh-threoirínte de chuid an BEI a bhaineann le beartas comhshaoil.

Tá an clár seo á fhorbairt ag an BEI lena áirithiú go gcuirfear faisnéis chomhshaoil ar fáil de réir a chéile agus go scaipfear ar an bpobal í.⁴

4.4 D'fhonn inrochtaineacht faisnéise a chur chun cinn, tá rún daingean ag an BEI córas teanga a bheith aige a chuireann riachtanais an phobail san áireamh. Bíonn doiciméid reachtúla an BEI ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Foilsítear príomhdhoiciméid eile a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo don phobal, ar nós an Bheartais áirithe seo, i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, agus níl cuid eile acu ar fáil ach i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis amháin. Is féidir aistriúchán go teangacha eile a mheas ag brath ar an gcineál faisnéise/doiciméid atá i gceist agus ar leas an phobail.

4.5 Laistigh de na teorainneacha a fhorchuirtear leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme, agus gan dochar do Chuid 5 den Bheartas seo, is ag an BEI a bheidh an cinneadh deiridh maidir leis an bhfaisnéis/na doiciméid a fhéadfar a scaoileadh. Cinnfidh an BEI freisin an fhaisnéis/na doiciméid a fhoilseofar, i bhfoirm leictreonach agus/nó i bhfoirm páipéir. Tá an fhaisnéis/na doiciméid eile ar fad ar fáil i bprionsabal ach í/iad a iarraidh de réir Chuid 5 thíos.

³ <https://www.eib.org/en/registers/all/index.htm>

⁴ Ar leathanach "Ceisteanna Coitianta" (CCanna) Chlár Poiblí an BEI tá faisnéis bhreise faoina bhfuil sa Chlár, lena n-áirítear liosta de na cineálacha doiciméid a fhoilsítear sa Chlár, a nuashonraítear go rialta.

FAISNÉIS MAIDIR LE TIONSCADAIL

- 4.6 Is iondúil go ndéantar achoimre thionscadail a phostáil ar an Liosta Tionscadal ar láithreán gréasáin an BEI nuair a iarrann an BEI go foirmiúil tuairimí an Bhallstáit nó thír óstach an tionscadail agus an Choimisiún Eorpaigh, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 19 de Reacht an BEI. Meastar gurb é seo an tráth is oiriúnaí le haghaidh an chéad ráitis phoiblí nuair atá an plé le tionscnóir tionscadail tugtha fada go leor chun cinn le tús a chur le breithmheas an tionscadail sula gcuirfear togra iasachta faoi bhráid an Bhoird Stiúrtóirí.
- 4.7 Foilseoidh an BEI achoimrí tionscadail ar gach tionscadal infheistíochta tráth nach lú ná trí seachtaine roimh do Bhord Stiúrtóirí an BEI an tionscadal a mheas lena fhaomhadh.⁵ D'fhéadfadh sé nach bhfoilseofaí líon teoranta achoimrí tionscadail roimh a bhfaomhadh ag an mBord agus, i gcásanna áirithe, roimh shíniú na hiasachta d'fhonn leasanna a bhfuil údar cuí leo a chosaint bunaithe ar na heisceachtaí maidir le nochtadh a leagtar síos i gCuid 5 den Bheartas seo. Ní ceadmhach don BEI faisnéis a bhaineann le tionscadail a fhoilsiú dá sárófaí dlí an Aontais Eorpaigh, an Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh cuir i gcás, le foilsiú faisnéise sonraí den sórt sin.
- 4.8 Is iondúil go luaitear sna hachoirí tionscadail ainm an tionscadail, tionscnóir nó idirghabhálaí airgeadais (i gcás iasachtaí arna n-idirghabháil) an tionscadail, suíomh an tionscadail, an earnáil a mbaineann sé léi, cur síos ar an tionscadal, a chuspóir(í), a ghnéithe comhshaoil agus, más ábhartha, gnéithe sóisialta, sonraí soláthair, an maoiniú atá beartaithe ag an BEI, costas iomlán an tionscadail, agus stádas an tionscadail, is é sin cibé acu atá sé “á bhreithmheas”, “faofa” nó “sínithe”. Cuirtear in iúl don phobal sna hachoirí tionscadail cén chaoi fiosruithe, tuairimí agus gearáin a chur isteach. Nuair is infheidhme, cuirtear naisc ar fáil chuig faisnéis chomhshaoil, a luaithe is féidir i dtimthriall an tionscadail.⁶
- 4.9 Foilsítear faisnéis maidir le haon mhaoiniú arna idirghabháil ag an BEI ar an Liosta Tionscadal ar láithreán gréasáin an BEI. Ina theannta sin, agus a mhéid is féidir, eisíonn an BEI sonraí comhiomlána, arna n-iarraidh sin, maidir le maoiniú iasachtaí arna n-idirghabháil, lena n-áirítear miondealú ar na tíortha agus ar na hearnálacha atá i gceist.
- 4.10 Foilsíonn an BEI ar a láithreán gréasáin achoimrí tionscadail maidir leis na fothionscadail⁷ a dtugann sé maoiniú dóibh trí idirghabhálaithe airgeadais i gcás gur mó costas iomlán an tionscadail ná EUR 50m,⁸ i gcomhréir le hAirteagal 4.7 agus le hAirteagal 4.8 de réir mar is infheidhme.
- 4.11 Más infheidhme, áirítear in achoimrí tionscadail naisc chuig doiciméid chomhshaoil agus shóisialta i gClár Poiblí an BEI, bileoga sonraí tionscadail, preaseisiúintí, tionscadail ghaolmhara, agus/nó faisnéis/doiciméid ábhartha eile atá foilsithe ar láithreán gréasáin an BEI.
- 4.12 Ó thús 2021, foilsíonn an BEI Ráiteas Breisíochta agus Tionchair (RBT) ar a láithreán gréasáin i dtaca le gach tionscadal a fhaomhtar chomh maith. Déantar cur síos sa ráiteas sin ar an gcaoi a mbaineann an BEI breisíocht agus tionchar amach trí na tionscadail a ndéanann sé infheistíocht iontu, agus foilsítear é tar éis shíniú an tionscadail. Tá sonraí faoin gcreat um Thomhas Breisíochta agus Tionchair (TBT) le fáil ar láithreán gréasáin an BEI.⁹
- 4.13 Tar éis shíniú an tionscadail, is féidir teacht ar an achoimre thionscadail trí na naisc sna bileoga sonraí tionscadail a fhoilsítear ar liosta na dtionscadal maoinithe ar láithreán gréasáin an BEI. Is iondúil go n-áirítear sna bileoga sonraí tionscadail ainm an tionscadail, suíomh an tionscadail, an earnáil a mbaineann sé léi agus méideanna na n-iasachtaí, chomh maith leis na dátaí comhfhreagracha ar síníodh iad.
- 4.14 Baintear faisnéis tionscadail de láithreán gréasáin an BEI a luaithe gur léir nach mbeidh an BEI páirteach sa tionscadal a thuilleadh.

⁵ Go praiticiúil, féachann an BEI le hachoirí tionscadail a fhoilsiú níos luaithe fós. Cuirtear faisnéis ar fáil maidir le huainiú iarbhir fhoilsiú na n-achoirí tionscadail sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme an Bheartais (féach Airteagal 9.4).

⁶ Bíonn an fhaisnéis in achoimrí tionscadail táscach agus, más ábhartha, féadfaidh an BEI í a thabhairt cothrom le dáta le linn thimthriall an tionscadail más cuí leis déanamh amhlaidh.

⁷ Ainmnítear mar fhothionscadal gach tionscadal a bhaineann tairbhe as tacaíocht ón BEI trí mhaoiniú arna idirghabháil.

⁸ Ós rud é gurb iondúil nach maoiníonn an BEI ach suas le 50% de chostais tionscadail, bheadh ar a laghad EUR 25m i gceist leis an iasacht ghaolmhar ón BEI de ghnáth.

⁹ <https://www.eib.org/en/projects/cycle/monitoring/aim.htm>

FAISNÉIS AIRGEADAIS

- 4.15 Foilsíonn an BEI ráitis airgeadais iniúchta ar bhonn bliantúil a bhíonn ina gcuid de Thuarascáil Bhliantúil an BEI, chomh maith le clár comhardaithe agus cuntas brabúis agus cailiteanais achomair gan iniúchadh ar bhonn leathbhliantúil. Cuireann an BEI na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA) i bhfeidhm ar an leibhéal comhdhlúite (grúpa), agus cuireann nótaí breisithe leis an gClár Comhardaithe agus leis an Ráiteas Cuntais Brabúis agus Cailiteanais, chomh maith le Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha agus Tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta. Gné ríthábhachtach den trédhearcacht is ea é seo agus aithnítear mar léiriú ar an dea-chleachtas sa rialachas corparáideach ar leibhéal an ghrúpa é. Chun na críche céanna, cuirtear na Treoracha Eorpacha ábhartha¹⁰ i bhfeidhm ar ráitis airgeadais an BEI, idir neamh-chomhdhlúite agus comhdhlúite.
- 4.16 Foilsíonn Grúpa an BEI Tuarascáil Nochta um Bainistíocht Riosca gach bliain, a dtugtar “Tuarascáil Cholún 3” uirthi freisin de réir an tsainmhíneithe ó Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht. Bíonn an Tuarascáil deartha le tuilleadh faisnéise a chur ar fáil faoin gcur chuige a ghlacann an Grúpa i leith na príomhrioscaí a mbíonn sé faoina mbagairt a bhainistiú agus measúnú a dhéanamh ar a leordhóthanacht caipitil, a ghíaráil agus a leachtacht. Chomh maith le cloí leis an nochtadh a leagtar amach sna Rialacháin ón AE maidir le Ceanglais Chaipitil, meastar sa Tuarascáil Nochta um Bainistíocht Riosca treoirilínte agus tuairimí an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh, chomh maith leis na Doiciméid Caighdeán ó Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht maidir le ceanglais nochta. Tá ról lárnach ag nochtuithe Cholún 3 maidir le smacht an mhargaidh a chur chun cinn trí fhaisnéis fhóna stuamachta a thuairisciú go poiblí. Céim mhór chun tosaigh iad sainmhíniú agus cur chun feidhme chomhchreat Cholún 3 ina ndéantar foráil do nochtuithe stuamachta atá gráinneach agus inchomparáide i dtreo neamhshiméadracht faisnéise a laghdú le húsáideoirí faisnéise stuamachta.
- 4.17 Bíonn an fhaisnéis mhionsonraithe maidir le hiasachtaíocht dírithe ar tháirgí airgeadais, ar oibríochtaí maoinithe atá ag leanúint ar aghaidh agus ar urrúis gan íoc. Cuirtear tuilleadh faisnéise ar fáil maidir le margaí bannaí, táblaí eisiúintí agus naisc chuig ciorcláin tairisceana agus cláir eisiúna fiachais.
- 4.18 Leagtar amach faisnéis faoi chur chuige an BEI i leith gníomhaíochtaí iasachtaíochta ar láithreán gréasáin an BEI, agus fógraítear an méid maoinithe a bhfuiltear ag súil leis a fhógairt don mhargadh trí phreaseisiúint agus cuirtear in iúl sa Phlean Oibriúcháin trí bliana (PO) a thugtar cothrom le dáta gach bliain é freisin.
- 4.19 Ceanglaítear ar an BEI cloí leis an dlí sna margaí ina gcuirtear urrúis dá chuid ar fáil. Ceanglas coiteann sna dlínsí ina n-oibríonn an BEI is ea neamh-idirdhealú i leith nochtadh faisnéise airgeadais a thabharfadh buntáiste iomaíoch éagórach do dhuine i dtrádáil. Go ginearálta, féachfaidh an BEI lena áirithiú go scaoilfeadh faisnéis ar ábhair den sórt sin trí bhealaí rialála atá faofa agus iomchuí agus ar a láithreán gréasáin ag an am céanna. Cuireann idirghabhálaithe airgeadais gnáthfhaisnéis ar fáil freisin maidir le gníomhaíochtaí iasachtaíochta de chuid an BEI.
- 4.20 I measc na bpríomh-mhodhanna cumarsáide maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta agus faisnéis eile atá ábhartha do phobail na margaí caipitil tá:
- Comhdúcháin rialála a chuirtear ar fáil don phobal;
 - Láithreán gréasáin an BEI;
 - Príomhsheirbhísí nuachta airgeadais, Bloomberg agus Reuters go háirithe;
 - Nuacht a scaiptear trí Sheirbhís Faisnéise Rialála;
 - Tá an foláithreán gréasáin Caidrimh Infheisteoirí ar láithreán gréasáin an BEI dírithe ar ghníomhaíochtaí iasachtaíochta an BEI, agus cuirtear ar fáil air chomh maith ábhar maidir le scéal creidmheasa an BEI, lena n-áirítear naisc chuig tuarascálacha rátála. Leagtar amach ar na leathanaigh ghréasáin seo próifil an BEI mar eisisitheoir, agus faisnéis a bhaineann le príomhghnéithe dá chuid oibríochtaí iasachtaíochta, lena n-áirítear táblaí eisiúintí agus naisc chuig ciorcláin tairisceana agus cláir eisiúna fiachais;

¹⁰ Treoir AE 86/635/CEE an 08.12.1986 arna modhnú le Treoracha AE 2001/65/CE an 27.9.2001 agus 2003/51/CE an 18.06.2003.

- Áirítear i dTuarascáil Bhliantúil Ghrúpa an BEI faisnéis fhorleathan maidir le gníomhaíochtaí iasachtaithe agus iasachtaíochta, chomh maith le ráitis airgeadais. Bíonn an Tuarascáil Airgeadais ina cuid de, áit a dtugtar forléargas bliantúil ar ghníomhaíochtaí iasachtaíochta, ar chistíocht, ar chomhthaobhacht agus ar bhainistíocht leachtachta. I measc dhoiciméid na Tuarascála Bliantúla bíonn an forlónadh staidrimh, ina mbíonn liosta de na hoibríochtaí banna a rinneadh sna margaí caipitil;
- Doiciméid cur i láthair agus bileoga eolais;
- Nuachtlitreacha tréimhsiúla d'infheisteoirí maidir le gníomhaíochtaí cistithe, bannaí feasachta aeráide agus inbhuanaitheachta agus aon fhorbairt ábhartha mhargaidh;
- Preaseisiúintí maidir le gníomhaíochtaí iasachtaíochta, a mheastar a bheith thar a bheith suntasach nó a fhreagraíonn do cheanglais nochta;
- Ábhair faisnéise speisialaithe eile maidir le gníomhaíochtaí an BEI sna margaí caipitil; agus
- Teagmháil dhíreach an BEI le hearnálacha den phobal infheistíochta i gcruinnithe (lena n-áirítear seónna bóthair, teilea-chomhdhálacha agus comhdhálacha).

4.21 Tá fáil ar dhoiciméadú (Ciorcláin Tairisceana, Réamheolairí agus/nó Cláir) le haghaidh eisiúintí poiblí bannaí ach é a iarraidh.

4.22 Ba cheart ceisteanna a bhaineann le gníomhaíochtaí an BEI sna margaí caipitil a chur chuig an Rannán Caidrimh Infheisteoirí (investor.relations@eib.org).

5. Nochtadh faisnéise

PRIONSABAIL NOCHTA

5.1 Toimhde an nochta:

- a. Tá gach faisnéis agus doiciméad atá i seilbh an BEI¹¹ faoi réir a nochta arna iarraidh sin, ach amháin má bhíonn cúis an-láidir ann gan iad a nochtadh (féach “Eisceachtaí” thíos).
- b. Tá feidhm ag an mBeartas seo gan dochar don cheart chun rochtain phoiblí ar fhaisnéis/dhoiciméid atá i seilbh an BEI i gcomhréir le:
 - i. Coinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a rinneadh in Aarhus na Danmhairge, an 25 Meitheamh 1998, arna chur chun feidhme le Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006; tabharfaidh BEI aird ar leith ar gach iarraidh ar nochtadh faisnéise/doiciméad, go háirithe na hiarrataí sin a bhaineann le faisnéis chomhshaoil;
 - nó
 - ii. Ionstraimí eile den dlí idirnáisiúnta agus de dhlí an Aontais Eorpaigh, nó gníomhartha de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh lena gcuirtear chun feidhme iad, atá infheidhme maidir leis an BEI.

5.2 Neamh-idirdhealú agus cóir chomhionann: Tá sé de cheart ag gach duine den phobal faisnéis/doiciméid a iarraidh ar an BEI agus iad a fháil go tráthúil gan a bheith thíos le haon fhrithbheart. Agus iarraidh den sórt sin ar fhaisnéis/dhoiciméid á meas aige, ní dhéanann an BEI idirdhealú ná ní thugann rochtain phribhléideach speisialta ar fhaisnéis/dhoiciméid.

EISCEACHTAÍ

5.3 Cé go bhfuil an BEI tiomanta do bheartas toimhde nochta agus trédhearcachta, tá sé de dhualgas air freisin rúndacht a urramú i gcomhréir le dlíthe an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an oibleagáid gan faisnéis a nochtadh den chineál a chumhdaítear le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla i gcomhréir le hAirteagal 339 den CFAE, chomh maith le reachtaíocht chun sonraí pearsanta a chosaint. D’fhéadfadh feidhm a bheith ag rialacháin náisiúnta agus ag caighdeáin earnála baincéireachta lena gcumhdaítear conarthaí gnó agus gníomhaíocht mhargaidh freisin. Dá bhrí sin, tá teorainneacha áirithe ann maidir le nochtadh faisnéise/doiciméad.

Agus na heisceachtaí maidir le nochtadh á gcur i bhfeidhm aige, tabharfaidh an BEI aird chuí, i gcomhréir le hAirteagal 3.7 thuas, ar a ról sonrath agus ar a ghníomhaíochtaí sonracha, agus ar an ngá atá lena leasanna dlisteanacha agus leasanna dlisteanacha a chuid cliant a chosaint, agus ar an gcaoi sin, ar rúndacht an chaidrimh idir an BEI agus a chuid cliant agus contrapháirtithe ábhartha eile. Go háirithe, faoin mBeartas seo ní ceadmhach don BEI faisnéis a nochtadh de shárú ar dhlí an Aontais Eorpaigh amhail an Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh.

5.4 Diúltófar rochtain go háirithe i gcás go mbainfeadh an nochtadh an bonn de chosaint na nithe seo a leanas:

- a. leas an phobail, maidir le:
 - slándáil an phobail;
 - caidreamh idirnáisiúnta;
 - beartas airgeadais, airgeadaíochta nó eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, a institiúidí agus a chomhlachtaí nó Ballstáit;
 - an comhshaoil, amhail láithreacha póraithe speiceas neamhchoitianta.
- b. príobháid agus sláine, sábháilteacht agus slándáil an duine aonair, go háirithe i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint sonraí pearsanta.

¹¹ Is é sin le rá, faisnéis/doiciméid arna gcur i dtoll a chéile ag an BEI nó arna bhfáil aige agus atá ina sheilbh, i ngach réimse gníomhaíochta de chuid an BEI.

5.5 Diúltófar rochtain ar fhaisnéis/dhoiciméid freisin i gcás go mbainfeadh a nochtadh an bonn de chosaint leasanna tráchtála ag duine nádúrtha nó ag duine dlítheanach.

Léiríú iad na samplaí neamh-uileghabhálacha seo a leanas ar chásanna coitianta leasanna tráchtála:

- Faisnéis/doiciméid ghnó, airgeadais, dhílsithe nó neamhphoiblí eile arna gcruthú nó arna bhfáil ag an BEI;
- Faisnéis/doiciméid a bhaineann le hidirbheartaíochtaí, doiciméid dhlíthiúla agus comhfhreagras gaolmhar;
- Faisnéis/doiciméid a chumhdaítear le comhaontú rúndachta¹² nó ar ina leith a bhfuil ionchais dhlítheanacha ag tríú páirtí nach nochtfaí iad.

5.6 Diúltófar rochtain ar fhaisnéis/dhoiciméid freisin i gcás go mbainfeadh a nochtadh an bonn de chosaint na nithe seo a leanas:

- maoin intleachtúil;
- imeachtaí cúirte agus comhairle dlí;
- críocha cigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí.¹³

Toimhdeofar go mbainfeadh nochtadh faisnéise/doiciméad a bhaineann le cigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí an bonn ó chosaint chuspóir na gcigireachtaí, na n-imscrúduithe agus na n-iniúchtaí.

I gcás iarrataí ar nochtadh faisnéise/doiciméad a bhaineann le himscrúduithe atá tugtha chun críche, déanfar iad a mheas i bhfianaise na n-imthosca ábhartha go léir a bhaineann le gach cás.

Gan dochar don mhéid thuas ná d'aon fhoráil den Bheartas seo, féadfaidh an BEI achoimre ar thorthaí imscrúdaithe a chur ar fáil.

Aon nochtadh arna dhéanamh faoi na fómhíreanna thuas, déanfar é a mheas i bhfianaise na n-imthosca ábhartha go léir a bhaineann le gach cás, agus forálacha an Bheartais seo agus bheartais eile an BEI á gcur san áireamh, chomh maith leis an ngá atá le héifeachtacht agus cuspóir na n-imscrúduithe atá ar bun cheana ag an BEI nó ag páirtithe eile nó éifeachtacht agus cuspóir na n-imscrúduithe a dhéanfaidh siad amach anseo a chosaint.

5.7 Diúltófar rochtain ar fhaisnéis/dhoiciméid, arna gcur i dtoll a chéile ag an BEI lena n-úsáid go himmheánach nó arna bhfáil ag an BEI, a bhaineann le hábhar nach bhfuil an cinneadh ina leith déanta ag an gcomhlacht ábhartha de chuid an BEI go fóill, dá mbainfeadh nochtadh an doiciméid/na faisnéise an bonn go mór de phríoséas cinnteoireachta an BEI.

Diúltófar rochtain ar fhaisnéis/dhoiciméid ina bhfuil tuairimí lena n-úsáid go himmheánach mar chuid de phlé agus réamhchomhairliúcháin laistigh den BEI nó le Ballstáit/páirtithe leasmhara eile fiú tar éis an cinneadh a dhéanamh dá mbainfeadh nochtadh na faisnéise/na doiciméad an bonn go mór de phríoséas cinnteoireachta an BEI.

5.8 Beidh feidhm ag na heisceachtaí faoi Airteagail 5.5, 5.6 agus 5.7 ach amháin má bhíonn leas sáraitheach poiblí ann i dtaca lena nochtadh. Maidir le hAirteagal 5.5 agus an chéad agus an tríú pointe urchair d'Airteagal 5.6 gan imscrúduithe a chur san áireamh, measfar go bhfuil leas sáraitheach poiblí ann i dtaca le nochtadh i gcás go mbaineann an fhaisnéis arna hiarraidh le hastaíochtaí sa chomhshaol.

5.9 Ba cheart na forais le diúltú, go háirithe maidir le rochtain ar fhaisnéis/dhoiciméid chomhshaoil, a léirmhíniú ar bhealach sriantach, agus aird á tabhairt ar cén chaoi a rachadh an nochtadh chun leas an phobail, chomh maith le cibé acu an mbaineann an fhaisnéis arna hiarraidh le hastaíochtaí sa chomhshaol.

¹² Cumhdaítear leis an téarma "leas tráchtála" cásanna ina ndearna an BEI comhaontú rúndachta, ach ní bheidh sé teoranta dóibh. Thairis sin, d'fheadfadh leasanna tráchtála a bheith faoi chosaint fiú tar éis don chomhaontú rúndachta dul in éag. Aithnítear ábharthacht an chomhaontaithe rúndachta, cuir i gcás, in Aithris 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006, áit a luaitear [go g]cumhdaítear leis an téarma 'leasanna tráchtála' comhaontuithe rúndachta arna ndéanamh ag institiúidí agus nó ag comhlachtaí atá ag feidhmiú i gcáil bhaincéireachta.

¹³ Tá feidhm ag an tríú pointe urchair d'Airteagal 5.6 maidir le cigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí lena n-áirítear dícheall cuí comhlíonta arna dhéanamh ag na seirbhísí ábhartha de chuid an BEI, nó thar a gceann, na feidhmeanna imscrúdaithe, iniúchóireachta agus comhlíonta go háirithe, chomh maith le tríú páirtithe ábhartha eile (amhail an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) nó údarás náisiúnta). Níl feidhm ag an tríú ná ag an gceathrú fómhír maidir le gníomhaíocht feidhmeanna iniúchóireachta ná comhlíonta; chun críocha na bhfómhíreanna seo, meastar imscrúduithe a bheith tugtha chun críche tráth a ndúntar iad gan obair leantach ná faireachán nó tráth a gcuirtear an obair leantach nó an faireachán i gcrích.

- 5.10 Mura mbaineann na heisceachtaí ach le codanna den doiciméad arna iarraidh, nochtfar na codanna eile den doiciméad.
- 5.11 Maidir le faisnéis/doiciméid tríú páirtí,¹⁴ rachaidh an BEI i gcomhairle leis an tríú páirtí nó leis na tríú páirtithe d'fhonn a mheas an bhfuil aon eisceachtaí maidir le nochtadh infheidhme, ach amháin más rud é gur léir go bhfuil an fhaisnéis/doiciméad le nochtadh nó nach bhfuil sí/sé le nochtadh.
- 5.12 Féadfaidh Ballstát nó institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh a iarraidh ar an BEI gan faisnéis/doiciméid a thagann uaidh/uaithe a nochtadh gan toiliú ina leith sin uaidh/uaithe roimh ré, ach na cúiseanna a bhfuil sé/sí ag cur i gcoinne an nochtadh sin a lua trí thagairt do na heisceachtaí a dtagraítear dóibh i gCuid 5 den Bheartas seo.
- 5.13 Ó am go chéile oibríonn an BEI i ndlúthchomhar le hinstiúidí idirnáisiúnta airgeadais eile agus le hinstiúidí déthaobhacha airgeadais Eorpacha um maoiniú forbartha agus tá an comhar sin leathnaithe agus doimhnithe aige go háirithe trí bhreithmheas agus faireachán tionscadal a tharmligeann go páirteach nó go hiomlán. Maidir le doiciméid a bhaineann le comhthionscadail den sórt sin arna n-ullmhú ag institiúid idirnáisiúnta airgeadais eile agus/nó ag institiúid dhéthaobhach Eorpach eile, d'fhéadfadh na páirtithe eile nó an BEI iad a nochtadh le toiliú ina leith sin ón institiúid idirnáisiúnta airgeadais nó ón institiúid dhéthaobhach Eorpach is ábhartha roimh ré.
- 5.14 Nochtann an BEI faisnéis chomhiomlán áirithe maidir le gníomhaíocht infheisteoirí. Ní nochtfar faisnéis rúnda, i gcomhréir leis na heisceachtaí a leagtar síos sa Bheartas seo, a bhaineann le hinfeisteoirí aonair ná le bainc aonair. Féachfaidh an BEI, áfach, le trédhearcacht a spreagadh maidir lena eisiúintí urrús aon uair is féidir.
- 5.15 Ní bheid feidhm ag na heisceachtaí ach go ceann na tréimhse a bhfuil bonn cirt le cosaint an doiciméid ar bhonn a bhfuil ann. Féadfaidh feidhm a bheith ag na heisceachtaí go ceann 30 bliain ar a mhéad. Tar éis 30 bliain, déantar athbhreithniú ar dhoiciméad ag féachaint lena chartlannú go poiblí. I gcás doiciméid a chumhdaítear leis na heisceachtaí a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta nó leasanna tráchtála duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil, féadfaidh na heisceachtaí leanúint d'fheidhm a bheith acu tar éis na tréimhse sin, más gá. Go ginearálta, ní choinneoidh an BEI faisnéis ina sheilbh ach go dtí go mbeidh deireadh tagtha leis na ceanglais choinneála.

NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE HIARRATAÍ AR FHAINÉIS A LÁIMHSEÁIL

Is iad seo a leanas na nósanna imeachta atá ag an BEI le hiarrataí ar fhaisnéis ón bpobal a láimhseáil:

- 5.16 B'fhéarr iarratais ar rochtain a chur chuig deasc faisnéise an BEI (infodesk@eib.org). Is féidir iad a chur chuig ceann ar bith de sheoltaí poist an BEI, lena n-áirítear Oifigí Seachtracha dá chuid.
- 5.17 Níl sé d'obleagáid ar an iarratasóir cúiseanna a lua leis an iarratas.
- 5.18 Is i scríbhinn a dhéanfar iarratais ar rochtain ionas gur féidir iad a thaifeadadh, a láimhseáil agus a thuairisciú de réir fhorálacha an Bheartais seo. Tá foireann an BEI fós ar fáil le hiarrataí ó bhéal a fhreagairt go neamhfhoirmiúil.
- 5.19 Mura mbeidh iarratas beacht a dhóthain nó murar féidir an doiciméad, nó an fhaisnéis, a shainnithint uaidh, iarrfar ar an iarratasóir an t-iarratas a shoiléiriú.
- 5.20 Má tá an fhaisnéis/doiciméad a iarradh curtha san fhearann poiblí cheana féin ag an BEI nó ag a chontrapháirtithe, féadfaidh an BEI, maidir lena oibleagáid le rochtain a thabhairt, an oibleagáid sin a chomhlíonadh ach a chur in iúl don iarratasóir cén chaoi teacht ar an bhfaisnéis/doiciméad.¹⁵

¹⁴ Áirítear leis sin faisnéis/doiciméid mheasctha ó thríú páirtithe agus ón BEI araon.

¹⁵ D'fhéadfadh an BEI hipearnasc a chur ar fáil chuig leathanach gréasáin ar a bhfuil an fhaisnéis/doiciméad ar fáil, cuir i gcás.

- 5.21 I gcás iarratas a bhaineann le doiciméad an-fhada nó le líon an-mhór doiciméad, nó i gcás nach bhfuil fáil éasca ar an bhfaisnéis nó go mbeadh sé casta í a chur i dtoll a chéile, féadfaidh an BEI dul i gcomhairle leis an iarratasóir go neamhfhoirmiúil, d'fhonn teacht ar réiteach cothrom.
- 5.22 Tugtar freagra ar iarrataí gan mhoill, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 15 lá oibre tar éis a bhfála.
- 5.23 I gcásanna eisceachtúla, mar shampla i gcás iarratas a bhaineann le doiciméad an-fhada nó i gcás nach bhfuil fáil éasca ar an bhfaisnéis agus go mbeadh sé casta í a chur i dtoll a chéile, féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama agus cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas dá réir sin tráth nach déanaí ná 15 lá oibre tar éis an t-iarratas a fháil.¹⁶
- 5.24 Féachfaidh an BEI, áfach, le freagra a thabhairt ar iarrataí casta den sórt sin tráth nach déanaí ná 30 lá oibre tar éis a bhfála.
- 5.25 Más rud é, chun na leasanna a chosnaítear leis an mBeartas seo a chumhdach, nach bhféadfaidh an BEI an fhaisnéis arna hiarraidh a nochtadh, go hiomlán nó go páirteach, luafar an chúis nó na cúiseanna nach bhféadtar an fhaisnéis sin a chur ar fáil agus cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas faoin gceart chun iarratas deonach deimhniúcháin a dhéanamh nó gearán a thaisceadh.
- 5.26 Cuirfear an fhaisnéis ar fáil sa leagan agus san fhormaid a bhfuil siad iontu cheana, nó, más féidir, i bhformaid atá ag teacht le riachtanais shonracha an iarrthóra.
- 5.27 Beidh sé de cheart ag baill den phobal atá ag scríobh chuig an BEI i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh freagra a fháil sa teanga chéanna.
- 5.28 Ní fhéadfar ach costais táirgthe agus seolta na gcóipeanna a ghearradh ar an iarratasóir. Ní rachaidh an muirear thar fhíorchostas táirgthe agus seolta na gcóipeanna.
- 5.29 Déanfar iarrataí a láimhseáil i gcomhréir leis na rialacha chun daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta de réir mar a leagtar síos i ndlí an Aontais Eorpaigh.¹⁷
- 5.30 Coimeádann an BEI an ceart aige féin diúltú freagra a thabhairt ar iarratas i gcás go bhfuil sé iomarcach nó atriallach. Is amhlaidh an scéal i gcás iarratais is léir atá suaibhreasach nó mailíseach, nó a bhaineann le cúrsaí tráchtála.
- 5.31 I gcás diúltú iomlán nó páirteach tar éis an iarratais thosaigh, féadfaidh an t-iarratasóir, laistigh de 15 lá oibre ó fhreagra an BEI a fháil, iarratas deimhniúcháin a dhéanamh á iarraidh ar an BEI athmhachnamh a dhéanamh ar a sheasamh. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an t-iarratasóir gearán a thaisceadh leis an Sásra Gearán laistigh de bhliain amháin ó fhreagra an BEI.
- 5.32 Láimhseálfaidh Ard-Rúnaí an BEI an t-iarratas deonach deimhniúcháin i gcomhréir leis na forálacha thuas (féach Airteagail 5.23-5.25).
- 5.33 I gcás diúltú iomlán nó páirteach tar éis iarratas deimhniúcháin, cuirfidh an BEI an t-iarratasóir ar an eolas faoi na leigheasanna atá ar fáil dó nó di, eadhon gearán a dhéanamh leis an Sásra Gearán nó imeachtaí cúirte a thionscnamh i gcoinne an BEI os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
- 5.34 Má mhainníonn an BEI freagra a thabhairt ar iarraidh laistigh den teorainn ama fhorordaithe, measfar gur freagra diúltach é agus beidh an t-iarratasóir i dteideal gearán a dhéanamh le Sásra Gearán an BEI nó imeachtaí cúirte a thionscnamh i gcoinne an BEI os comhair na Cúirte.

¹⁶ D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tréimhse réasúnta ama níos faide, mar shampla: (i) i gcás go bhfuil an iarraidh nó an fhaisnéis/na doiciméid atá á lorg i dteangacha seachas teangacha oibre an BEI (Béarla agus Fraincis); (ii) le comhairliúchán le tríú páirtithe a chur i gcrích; (iii) i gcás go mbaineann an iarraidh le cuid mhaith faisnéise/líon mór doiciméad nó le faisnéis/doiciméid stairiúla. Cuirfidh an BEI an t-iarratasóir ar an eolas faoin moill agus faoi na cúiseanna atá léi sin.

¹⁷ Féach, go háirithe, Rialachán (AE) 2018/1725.

6. Forálacha maidir le gearáin agus achomhairc

Leagtar amach sa chuid seo liosta uileghabhálach de na leigheasanna atá ar fáil i ndáil leis an mBeartas seo.

SÁSRA GEARÁN

- 6.1 Is le Beartas Shásra Gearán Ghrúpa an BEI¹⁸ a chinntear na forálacha maidir le gearáin, beartas ina n-aithnítear an ceart atá ag baill den phobal gearán a thaisceadh maidir le drochriarachán líomhnaithe i gcoinne an BEI agus ina gcuirtear uirlis ar fáil don phobal lena gcumasaítear réiteach malartach agus réamhghabhálach ar dhíospóidí.
- 6.2 Aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach a líomhnaíonn cás drochriaracháin i gcoinne Ghrúpa an BEI, lena n-áirítear mainneachtain beart a dhéanamh de réir a Bheartais Trédhearcachta, féadfaidh sé nó sí gearán a thaisceadh le Sásra Gearán Ghrúpa an BEI laistigh de bhliain amháin ón dáta a bhféadfadh na fíorais a bhfuil an líomhain bunaithe orthu a bheith ar eolas ag an ngearánaí go réasúnach.
- 6.3 I gcomhréir lena Bheartas, ní ceadmhach do Shásra Gearán Ghrúpa an BEI déileáil le gearáin a taisceadh cheana féin le sásraí athbhreithnithe riaracháin nó bhreithiúnaigh eile nó atá socraithe cheana féin ag sásraí den sórt sin.

AN TOMBUDSMAN EORPACH

- 6.4 I gcás míshástachta le toradh an ghearáin a taisceadh le Sásra Gearán an BEI, is féidir le saoránaigh den Aontas Eorpach nó le haon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 228 den CFAE agus beag beann ar cibé acu atá baint dhíreach aige leis an drochriarachán líomhnaithe nó nach bhfuil, gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach. Tar éis an Mheabhráin Tuisceana a shíniú an BEI agus an tOmbudsman Eorpach, geallann an tOmbudsman go n-úsáidfidh sé a chumhacht tionscnaimh féin go córasach le gearáin arna dtaisceadh i gcoinne an BEI a láimhseáil i gcás gurb é an t-aon chúis amháin a bhfuil cosc ar fhiosrúchán ná nach bhfuil an gearánaí ina shaoránach den Aontas Eorpach ná ina dhuine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe laistigh den Aontas Eorpach.

AN COISTE UM CHOMHLÍONADH CHOINBHINSIÚN AARHUS

- 6.5 Tá sé de cheart ag aon duine den phobal cumarsáidí a chur faoi bhráid an Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus i gcoinne an Aontais Eorpaigh maidir le neamhchomhlíonadh líomhnaithe an Choinbhinsiúin.¹⁹

CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

- 6.6 Beidh cinneadh an BEI maidir leis an iarratas deimhniúcháin faoi réir achomharc breithiúnach os comhair na Cúirte freisin i gcomhréir le forálacha ábhartha den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Airteagal 263 agus Airteagal 271 go háirithe. Agus cinneadh á dhéanamh agóid a dhéanamh i gcoinne an BEI os comhair na Cúirte, ba cheart do pháirtithe leasmhara a chur sa mheá go bhféadfadh an t-achomharc breithiúnach cosc a chur ar rochtain ar shásraí malartacha um réiteach díospóidí amhail Sásra Gearán an BEI agus an tOmbudsman Eorpach.

¹⁸ <https://www.eib.org/en/publications/complaints-mechanism-policy>

¹⁹ Le tuilleadh eolais a fháil faoi Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus, féach <https://unece.org/env/pp/cc>.

7. Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus comhairliúchán poiblí

PRIONSABAIL MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT PÁIRTITHE LEASMHARA

- 7.1 Is é bunchuspóir phrionsabail an BEI maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ná a áirithiú go n-éistear le páirtithe leasmhara, agus go dtugtar aird chuí ar nithe is údar imní dóibh. Téann an BEI i mbun rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ar an leibhéal beartais trí chomhairliúcháin a reáchtáil, comhairliúcháin phoiblí ina measc, agus trí cheardlanna, comhdhálacha, seimineáir agus cruinnithe agus imeachtaí eile a eagrú.
- 7.2 Cuireann an BEI an trédhearcacht chun cinn mar bhealach le cur lena chuntasacht. Teastaíonn ón BEI níos mó ná faisnéis chaighdeánaithe a nochtadh agus sreabhadh aontreo faisnéise a chur ar fáil agus, dá bhrí sin, tá sé mar aidhm aige an fhaisnéis a theastaíonn ó pháirtithe leasmhara a chur ar fáil dóibh, rud a chuirfidh go dearfach le cáilíocht ghníomhaíochtaí an BEI. Le trédhearcacht den sórt sin a bhaint amach, caithfear idirphlé leanúnach a bheith idir an BEI agus páirtithe leasmhara maidir leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil.
- 7.3 Tá rannpháirtíocht páirtithe leasmhara an BEI ag teacht leis an dea-chleachtas, agus í dírithe ar chomhthuisctint a mhéadú, aghaidh a thabhairt ar nithe is údar imní do pháirtithe leasmhara agus gníomhaíochtaí a choigeartú dá réir sin, aon bhearna a d'fhéadfadh a bheith ann idir ionchais, beartais agus cleachtas a laghdú agus comhleanúnachas agus cuntasacht níos fearr a bhaint amach i mbeartais agus i gcleachtais an BEI.
- 7.4 Urramaíonn an BEI cearta an duine, lena n-áirítear na cearta chun rochtain a fháil ar fhaisnéis, chun bheith rannpháirteach, agus chun leigheas a fháil. I gcomhréir leis sin, ní mór do pháirtithe leasmhara a bheith in ann caidreamh gan bhac a bheith acu leis an BEI agus lena chuid tionscnóirí maidir le haiseolas a thabhairt, cur i gcoinne nithe, agus nithe is údar imní a ardú. Dá bhrí sin, ní ghlacann an BEI le gníomhartha imeaglaithé ná le bearta díoltais i ndáil le gníomhaíochtaí atá maoinithe ag an BEI, agus déanfaidh bearta leantacha de réir mar is iomchuí agus i gcás gurb iomchuí.
- 7.5 Foilsítear ar láithreán gréasáin an BEI sonraí teagmhála na mball foirne de chuid an BEI a chomhordaíonn rannpháirtíocht an BEI le páirtithe leasmhara ar an leibhéal institiúideach.

RANNPHÁIRTÍOCHT PÁIRTITHE LEASMHARA I DTIONSCADAIL

- 7.6 Rialaítear rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ar leibhéal na dtionscadal, lena n-áirítear nochtadh faisnéise, comhairliúchán bríoch de réir mar is ábhartha agus rochtain ar shásra casaoide, le forálacha ábhartha de dhlí an Aontais Eorpaigh agus le Caighdeáin Chomhshaoil agus Shóisialta an BEI,²⁰ lena ndeimhnítear tiomantas an BEI dá phrionsabail maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus lena spreagtar tionscnóirí tionscadail chun cloí le dea-chleachtais i dtaobh dearadh, cur chun feidhme agus faireachán tionscadail.
- 7.7 Is ar thionscnóir an tionscadail agus/nó ar an iasachtaí atá an phríomhfhreagracht as faisnéis agus as rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara áitiúla ar bhonn tionscadail. Tacaíonn an BEI le hiarrachtaí an té sin i gcomhréir le Caighdeáin Chomhshaoil agus Shóisialta an BEI.

²⁰ Féach Caighdeán Comhshaoil agus Sóisialta Uimh. 10 de chuid an BEI maidir le Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara.

- 7.8 Is mór ag an BEI idirphlé dearfach leis na páirtithe leasmhara ábhartha i gcomhthéacs a dhíchill chuí agus spreagann iad chun bheith rannpháirteach i bpróisis chinnteoireachta ábhartha. D'fhéadfadh rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara cur le dlisteanacht tionscadail agus d'fhéadfadh muinín na bpáirtithe leasmhara agus an t-eolas agus an tuiscint a bhíonn acu ar shaincheisteanna áitiúla cur le feidhmíocht tionscadail, chomh maith leis na rioscaí a bhaineann leis a íoslaghdú.
- 7.9 Má mheastar gur gá, féadfaidh an BEI bualadh le chéile, tríd an tionscnóir tionscadail nó i gcomhar leis agus/nó tríd an iasachtaí nó i gcomhar leis, leis na páirtithe lena mbaineann d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na nithe is údar inní dóibh maidir leis an tionscadal atá i gceist. Féadfar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara náisiúnta a dhéanamh ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trí thoscaireachtaí institiúidí comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh atá ar an láthair i dtíortha oibríochta an BEI. Is iondúil go mbaineann pléite le páirtithe leasmhara náisiúnta le tír ar leith agus go measann an BEI iad a bheith ina n-uirlis le dul in oiriúint do shainiúlachtaí an tionscadail.
- 7.10 Tá an BEI sásta féachaint ar bhealaí eile a bhféadfadh sé dul i mbun rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara maidir le tionscadail a bhféadfadh ardriosca comhshaoil agus sóisialta, lena n-áirítear cearta an duine, a bheith ag baint leo.

COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ

- 7.11 Tá rún daingean ag an BEI dul i mbun comhairliúchán poiblí foirmiúil, ar bhonn deonach, maidir le beartais roghnaithe. Leis an bpróiseas rannpháirteach sin, tugtar an deis do pháirtithe leasmhara seachtracha agus d'fhoireann an BEI páirt a ghlacadh in ullmhú agus athbhreithniú doiciméad beartais, rud a chuireann lena gcáilíocht agus lena gcreidiúnacht. Is iondúil go n-eagróidh an BEI próiseas comhairliúcháin poiblí aon bhabhta sula gcuirfeadh an doiciméad beartais ábhartha faoi bhráid Bhord Stiúrthóirí an BEI (nó faoi bhráid an Choiste Bainistíochta, de réir mar is infheidhme). 45 lá oibre ar a laghad a bheidh sa tréimhse chomhairliúcháin. Féadfaidh an BEI cinneadh a dhéanamh freisin babhta eile de chomhairliúchán poiblí a eagrú, a mhairfidh 20 lá oibre ar a laghad, agus/nó cruinniú/cruinnithe poiblí a eagrú le páirtithe leasmhara le linn na tréimhse chomhairliúcháin. Tar éis an chomhairliúcháin a chur i gcrích agus tráth nach mó ná 15 lá oibre sula mbeidh an dréachtbheartas deiridh le faomhadh ag an gcomhlacht rialaithe comhfhreagrach, foilseofar ar láithreán gréasáin an BEI é, mar aon le dréacht-Tuarascáil Chomhairliúcháin, aighneachtaí na bpáirtithe leasmhara agus tráchtanna réasúnaithe an BEI maidir leis na haighneachtaí sin.
- 7.12 Cuirtear páirtithe leasmhara ar an eolas faoi chomhairliúcháin poiblí atá beartaithe tríd an láithreán gréasáin agus, a mhéid is féidir, trí ríomhphoist dhíreacha. Foilsítear an t-amchlár, chomh maith leis na sonraí teagmhála a bhaineann le gach comhairliúchán, ar an láithreán gréasáin freisin.

8. Trédhearcacht a chur chun cinn

- 8.1 Is saincheisteanna móra iad an rialachas lag, an t-éilliú agus an easpa trédhearcachta i roinnt de na réigiúin ina n-oibríonn an BEI, agus is rudaí iad a bhíonn ina mbac ar an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta. Cuireann an BEI an trédhearcacht agus an dea-rialachas chun cinn go gníomhach sna tionscadail a mhaoiníonn sé, sna cuideachtaí a bhfuil sé rannpháirteach iontu agus i measc a chontrapháirtithe go ginearálta.
- 8.2 Tá an BEI lántiomanta freisin don trédhearcacht a chur chun cinn sna margaí caipitil ina gcuirtear bannaí dá chuid ar fáil.
- 8.3 Cuirtear tionscnóirí tionscadail agus/nó iasachtaithe agus cómhaoinitheoirí ar an eolas faoi phrionsabail an Bheartais seo go luath sa phlé. Spreagann an BEI tionscnóirí tionscadail agus/nó iasachtaithe agus páirtithe inniúla eile chun faisnéis chomhshaoil agus shóisialta maidir le tionscadail arna maoiniú ag an BEI a chur ar fáil don phobal, chun bheith oscailte agus trédhearcach maidir lena gcaidreamh agus lena socruithe leis an BEI agus chun cloí leis na prionsabail trédhearcachta a leagtar amach sa Bheartas seo i gcomhthéacs na dtionscadal maoinithe. Ba cheart an méid sin a dhéanamh gan dochar do leasanna dlísteana an BEI, do thríú páirtithe eile, ná do na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme.
- 8.4 Coinníonn an BEI dlúth-theagmhálacha le hinstiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus le hinstiúidí agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí nua i réimse na trédhearcachta agus an nochta agus le tuairimí a mhalartú maidir leo d'fhonn a bheartais agus a chleachtas féin a fheabhsú go leanúnach. Tugann sé aghaidh freisin ar shaincheisteanna trédhearcachta agus nochta san idirphlé a leanann ar aghaidh leis na páirtithe leasmhara go léir.
- 8.5 Roinneann an BEI faisnéis/doiciméid maidir lena chuid gníomhaíochtaí freisin, lena n-áirítear faisnéis faoi tionscadail, le hinstiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh, chomh maith le heagraíochtaí fornáisiúnta ábhartha agus piar-institiúidí ábhartha de réir a sainorduithe faoi seach. D'fhéadfadh catagóirí áirithe sonraí a bheith san áireamh san fhaisnéis/doiciméid sin i leith tionscadail agus maoiniú an BEI agus, nuair is indéanta, cuirtear na sonraí ar fáil i bhfoirm chomhiomlán nó anaithnidithe.
- 8.6 Leanfaidh an BEI air ag neartú a iarrachtaí chun a thrédhearcacht, a chuntasacht agus a rialachas a fheabhsú agus chun bheith ar thús cadhnaíochta mar institiúid thrédhearcach fhreagrach.

AN TASCFHÓRSA UM NOCHTAÍ AIRGEADAIS A BHAINNEAN LEIS AN AERÁID (TCFD)

- 8.7 Tacaíonn an BEI leis na moltaí ón Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TCFD)²¹, arb é is aidhm leo ná creat láidir nochta atá comhsheasmhach ar bhonn idirnáisiúnta a bhaint amach ó thaobh na haeráide agus an chomhshaoil de. Ar an gcaoi sin, is léiriú iad gníomhaíochtaí aeráide foriomlána an BEI ar a thiomantas do bhainistiú an riosca aeráide, don trédhearcacht agus don chuntasacht, mar a léirítear freisin i Straitéis Aeráide an BEI. Aithníonn an BEI, dá nglacfaí leis go ginearálta, go gcuirfeadh creat TCFD bonn ar fáil chun feabhas a chur ar an gcumas chun aghaidh a thabhairt go hiomchuí ar rioscaí agus ar dheiseanna a bhaineann leis an aeráid.

AN TIONSCAMH UM THRÉDHEARCACHT NA DTIONSCAL EASTÓSCACH

- 8.8 Maidir le troid i gcoinne an éillithe trí thrédhearcacht agus cuntasacht fheabhsaithe sna tionscail eastósca, tá an BEI cinnte de go bhfuil sí ríthábhachtach le bonn a chur faoin bhforbairt eacnamaíoch, faoi laghdú na bochtaineachta agus faoin gcoibhsaíocht pholaitiúil i dtíortha atá saibhir ó thaobh acmhainní de. Tar éis dó tacú leis an Tionscnamh um Thrédhearcacht na dTionscal Eastósca, tá rún daingean ag an BEI tacaíocht a thabhairt do shaothar an tionscnaimh i dtíortha atá saibhir ó thaobh acmhainní de lasmuigh den Aontas Eorpach ina n-oibríonn an BEI, go háirithe trí oibriú lena urraitheoirí tionscadail chun trédhearcacht agus comhsheasmhacht níos fearr a thabhairt isteach maidir le tuairisciú ar íocaíochtaí ar leibhéal na dtionscadal. Ag an am céanna, leanfaidh an BEI air ag cur an tionscnaimh chun cinn ina

²¹ <https://www.fsb-tcf.org/>

theagmhálacha le rialtais agus le húdaráis náisiúnta agus spreagfaidh iad chun glacadh le prionsabail an tionscnaimh maidir le hioncam an tionscail eastóscaigh a thuairisciú agus a fhoilsiú. Déanfaidh an BEI a chleachtais a oiriúnú freisin i gcomhréir le forbairtí reachtacha lena sonraítear na ceanglais trédhearcachta is infheidhme maidir le heintitis in earnáil an tionscail eastóscaigh.

AN TIONSCNAMH UM THRÉDHEARCACHT SA CHÚNAMH IDIRNÁISIÚNTA

- 8.9 Bunaithe ar an ngealltanais atá tugtha aige a chaighdeán trédhearcachta agus cuntasachta a fheabhsú go leanúnach agus chun a áirithiú go gcomhlíonann a chuid oibre i dtíortha atá i mbéal forbartha na caighdeán trédhearcachta is airde a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, cuireann an BEI an caighdeán tuairiscithe a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta faoin Tionscnaimh um Thrédhearcacht sa Chúnaimh Idirnáisiúnta (IATI) chun feidhme maidir le cúnaimh agus maoiniú forbartha.

9. Freagrachtaí

- 9.1 De bhrí, i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta an BEI, go bhfuil an inniúlacht ag an mBord Stiúrthóirí an Beartas Trédhearcachta a ghlacadh, is faoi fhreagracht Choiste Bainistíochta an BEI atá a mhaoirsiú agus a chur chun feidhme. Leithdháiltear freagrachtaí ar fud na heagraíochta, de réir mar is iomchuí, lena áirithiú go léirítear na cuspóirí beartais sna spriocanna agus sna gníomhaíochtaí ar gach leibhéal den eagraíocht.
- 9.2 Sanntar acmhainní ar fud na heagraíochta maidir leis an mBeartas Trédhearcachta a chur chun feidhme. Cuirtear oiliúint ar bhaill foirne ábhartha ar gach leibhéal den eagraíocht maidir le cén chaoi déileáil le saincheisteanna trédhearcachta agus nochtá, le hidirphlé le páirtithe leasmhara, agus le hábhair ghaolmhara eile. Laistigh den eagraíocht, cuirfear sainacmhainní, saintreoir agus sainoiliúint ar fáil maidir le saincheisteanna trédhearcachta.
- 9.3 Gach cúig bliana ar a laghad, breithneoidh an BEI an gá tús a chur le hathbhreithniú ar an mBeartas seo, lena n-áirítear comhairliúchán poiblí le páirtithe leasmhara Ghrúpa an BEI. Ina theannta sin, féadfar leasuithe iomchuí a dhéanamh air tráth ar bith i gcás athruithe ar bheartas agus ar chreat reachtach an Aontais Eorpaigh maidir le trédhearcacht agus nochtadh faisnéise, athruithe ar bheartais agus nósanna imeachta laistigh den BEI ar gá an Beartas seo a thabhairt chun réitigh leo, agus aon athruithe eile a mheasann an BEI is gá agus is iomchuí.
- 9.4 Foilseoidh an BEI tuarascáil ar chur chun feidhme an Bheartais seo gach bliain maidir leis an mbliain féilire roimhe.²² Cumhdófar sa tuarascáil foilsiú achoimrí tionscadail, forbairt fhorásach Chlár Poiblí an BEI, láimhseáil iarrataí ar nochtadh faisnéise/doiciméad faoin mBeartas seo, gearáin agus achomhairc a bhaineann leis an mBeartas seo, agus gníomhaíochtaí suntasacha eile chun trédhearcacht a chur chun cinn, más ann dóibh.

²² Foilsíonn an BEI tuarascáil bhliantúil ar na gearáin a chuirtear isteach faoin Sásra Gearán. Ina theannta sin, foilsítear na gearáin a chuirtear isteach chuig an Ombudsman Eorpach ar a láithreán gréasáin agus ina thuarascáil bhliantúil. Foilsítear plé Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an Choiste um Chomhlíonadh Choibhinsiún Aarhus ar a láithreán ghréasáin faoi seach freisin.

Beartas Trédhearcachta Ghrúpa an BEI



**An Banc Eorpach
Infheistíochta**



An Banc Eorpach Infheistíochta
98 -100, boulevard Konrad Adenauer
L-2950 Lucsamburg
+352 4379-22000
www.eib.org – info@eib.org